Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9849/18**

**CFSP/PESC 533**
**CSDP/PSDC 303**
**COPS 197**
**POLMIL 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9524/18 CFSP/PESC 491 CSDP/PSDC 282 COPS 184 POLMIL 67 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn chur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí a d'fhormhuinigh Comhairlí an Aontais agus ECAT ar an 6 Nollaig 2016 agus ar an 5 Nollaig 2017<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Meitheamh 2018) |

San Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, gheobhaidh gach toscaireacht na conclúidí ón gComhairle a glacadh ag an 3551ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2018 i ndáil leis an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn chur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí a d'fhormhuinigh Comhairlí an Aontais agus ECAT ar an 6 Nollaig 2016 agus ar an 5 Nollaig 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn chur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí a d'fhormhuinigh Comhairlí an Aontais agus ECAT ar an 6 Nollaig 2016 agus ar an 5 Nollaig 2017**

1. Ag athdhearbhú di a conclúidí ón 6 Nollaig 2016, ón 19 Meitheamh 2017 agus ón 5 Nollaig 2017, is díol sásaimh don Chomhairle, i bhfianaise na ndúshlán coiteann slándála atá roimh an Aontas agus ECAT i gcónaí, an dlúthchomhar leantach le ECAT, ar dlúthchomhar é lena dtreisítear an dá thaobh. Déantar an dlúthchomhar sin i réimsí leasa comhroinnte, go straitéiseach agus go hoibríochtúil araon, sa bhainistiú géarchéimeanna ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus i bhforbairt na gcumas cosanta i gcás inarb ionann a n-éilimh, i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit uile agus ar mhaithe lena leas. Ó thaobh an Aontais de, is príomhthosaíocht pholaitiúil go fóill é cur chun feidhme an dearbhaithe chomhpháirtigh a shínigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i Vársá i mí Iúil 2016, agus é mar chuspóir foriomlán na príomhthosaíochta sin fíorchaidreamh a chothú idir na heagraíochtaí. Gné riachtanach atá ann d'iarrachtaí níos leithne arb é is aidhm leo cumas an Aontais gníomhú mar sholáthraí slándála a neartú, mar aon lena chumas oibriú i gcomhar le comhpháirtithe agus a shaoránaigh a chosaint.

2. Maidir le tionscnaimh leanúnacha an Aontais arb é is aidhm leo slándáil agus cosaint a neartú, meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ábhartha uile, go háirithe iad sin ó Shamhain 2016, agus ó Mhárta, Bealtaine agus Samhain 2017. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil iarrachtaí an Aontais agus ECAT i leith slándála agus cosanta ina mórchuidiú, ar bhealach comhleanúnach, chun Eoraip shlán a bhaint amach, lena bhfuil tairbhí agus freagrachtaí i gceist, agus, i gcás na mBallstát sin a bhíonn páirteach ann, ina bhféachtar leis an ualach a chomhroinnt ar bhealach cothrom.

3. Ag meabhrú di nach doiciméad leithleach í an tsraith chomhchoiteann de thograí agus go gcaithfear í a léamh i dteannta leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn breise atá déanta i gcur chun feidhme na sraithe comhchoitinne de thograí (74 ghníomh san iomlán). Ós amhlaidh atá, aithníonn sí an tríú tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolaic an tArdionadaí/Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus Ardrúnaí ECAT go comhpháirteach i gcomhréir le mír 7 de Chonclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2016.

4. Aithníonn an Chomhairle an obair atá á déanamh faoi láthair agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul chun cinn follasach a áirithiú, agus é seo a chur in iúl don phobal i gcás inarb ábhartha, sna réimsí uile atá liostaithe sa Dearbhú Comhpháirteach a síníodh i Vársá agus atá sonraithe sa tsraith chomhchoiteann de thograí, lena n-áirítear na topaicí nua, amhail an tsoghluaiseacht mhíleata, an fhrithsceimhlitheoireacht, agus mná, an tsíocháin agus an tslándáil.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go leanfar den chomhar idir AE agus ECAT a dhéanamh de mheon lánoscailte agus trédhearcach, agus uathriail agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus iad lánghníomhach sa chomhar sin. Is ar phrionsabail na cuimsitheachta agus na cómhalartachta atá sin bunaithe gan dochar do shainchineál bheartas slándála agus cosanta aon Bhallstáit.

6. Meabhraíonn an Chomhairle gur cuid dhílis den chomhar idir AE agus ECAT an comhar ECAT a dhéantar leis na Ballstáit sin nach comhaltaí de chuid ECAT iad. I dtaca leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an rannchuidiú dearfach a thugann Ballstáit nach baill de ECAT iad do ghníomhaíochtaí ECAT. Is cuid dhílis den chomhar idir AE agus ECAT gníomhaíochtaí den sórt sin agus is mian go mór leis an gComhairle go leanfaí leo.

7. Iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí/Leas-Uachtarán/Ceannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint leanúint leis an obair ar chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus rannpháirtíocht iomlán na ndaoine sin mar aon le trédhearcacht na hoibre á n-áirithiú, agus tá sí ag tnúth leis an gcéad tuarascáil eile, a thíolacfar go comhpháirteach i Meitheamh 2019.